Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Márta 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0052(COD)**

**7018/23**
**ADD 1**

**TRANS 79**
**JAI 248**
**DAPIX 2**
**ENFOPOL 93**
**CODEC 286**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 127 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábhailteacht ar bhóithre** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 127 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 127 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.3.2023
SWD(2023) 127 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábhailteacht ar bhóithre**

{COM(2023) 126 final} - {SEC(2023) 351 final} - {SWD(2023) 126 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

**Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre**

## A. An gá atá le beart

### Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Fuarthas amach sa mheasúnú tionchair go raibh tionchar dearfach ag Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (‘Treoir CBE’) ar dheireadh a chur le hanaithnideacht ciontóirí a rinne cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar an gcoigríoch trí líon na gcásanna trasteorann a ndearnadh imscrúdú orthu a mhéadú go suntasach. Mar sin féin, is léir go mbaineann teorainneacha leis an Treoir freisin ós rud é nach raibh a héifeacht dhíspreagthach leordhóthanach chun deireadh a chur le saoirse na gciontóirí ó phionós mar gheall ar a raon feidhme teoranta. an easpa imscrúdaithe trasteorann ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus an easpa forfheidhmiúcháin trasteorann i dtaca le smachtbhannaí i leith na gcionta sin, rud a d’fhág go raibh sciar íseal de phionóis airgeadais íoctha ag ciontóirí neamhchónaitheacha (ní dhéantar níos mó ná 6 mhilliún pionós i gcásanna trasteorann a fhorfheidhmiú gach bliain), agus cosaint neamhleor ceart bunúsach neamhchónaitheoirí.

### Cad é ba cheart a bhaint amach?

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Ba cheart é sin a dhéanamh trí athrú a dhéanamh ar iompraíocht tiománaithe neamhchónaitheacha, athrú a spreagfar trí laghdú a dhéanamh ar shaoirse ó phionós, saoirse atá fós ag tiománaithe neamhchónaitheacha faoi láthair. Laghdófaí an tsaoirse ó phionós trí imscrúdú trasteorann níos fearr a dhéanamh ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (i.e. méadú ar an dóchúlacht go sainaithneofaí ciontóirí neamhchónaitheacha agus go bhforfheidhmeofaí an pionós airgeadais). An tráth céanna, gheobhadh neamhchónaitheoirí litreacha faisnéise/fógraí pionóis i dteanga a thuigeann siad, laistigh de theorainn ama réasúnta agus i bhfoirm a dhéanfaí a fhíorú go héasca.

### Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

In éagmais gníomhaíocht ón Aontas, bheadh forfheidhmiú trasteorann rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ag brath ar na comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha atá i bhfeidhm cheana. Ní féidir a áirithiú leis an meascán comhaontuithe sin idir na Ballstáit do tabharfar cóir chomhionann do shaoránaigh an Aontais agus, i bhfianaise na mbearnaí sa chumhdach, ní bheadh sé chomh héifeachtach céanna maidir le deireadh a chur le saoirse ciontóirí neamhchónaitheacha ó phionós. Dá bhrí sin, bheadh gníomhaíocht ón Aontas níos éifeachtaí ná gníomhaíocht neamh-chomhordaithe ar leibhéal na mBallstát.

## B. Réitigh

### Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Rinneadh na bearta beartais a coinníodh a ghrúpáil i dtrí rogha beartais, RB1, RB2 agus RB3, agus tá leaganacha eile ag dhá cheann acu sin (RB2 agus RB3) (is iad sin (RB2A agus RB3A, faoi seach). Is é RB1 an bunús do gach rogha beartais eile; áirítear ann 11 de na 16 bheart beartais lena gcumhdaítear an chuid is mó de na saincheisteanna teicniúla agus cosaint na gceart bunúsach. Le RB2, cumhdaítear gach beart in RB1 agus, ina theannta sin, bunú nósanna imeachta sonracha leantacha maidir le himscrúdú trasteorann cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre lena bhféadfar tuilleadh faisnéise a

| |
|---|
| mhalartú idir údaráis náisiúnta seachas sonraí clárúcháin feithicle amháin. Le RB2A, an rogha thosaíochta, cuirtear le RB2 agus áirítear inti dualgas ar úinéir/sealbhóirí feithiclí comhoibriú leis na húdaráis forfheidhmiúcháin chun an duine atá faoi dhliteanas i leith na gcionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a shainaithint. Le RB3, cuirtear le RB2A agus, ina theannta sin, bunaítear sásra saincheaptha leantach – *lex specialis* – chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do phionóis airgeadais arna n-eisiúint i leith cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chumhdaítear le Treoir CBE. Ar deireadh, is leagan níos ardfhorbartha de RB3 atá i gceist le RB3A toisc go laghdaítear leis na forais le haghaidh neamhaithint agus neamh-fhorfheidhmiú pionós airgeadais arna n-eisiúint ag Ballstáit eile. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?** |
| Tá tacaíocht fhorleathan ann i measc páirtithe leasmhara a mhéid a bhaineann le raon feidhme Threoir CBE a leathnú chun cionta tráchta eile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chuimsiú. Tá tuairimí éagsúla ag na húdaráis phoiblí maidir le conas éifeachtacht na Treorach a mhéadú. Tá gach ceann acu i bhfabhar bearta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar imscrúdú trasteorann na gcionta. Mar sin féin, tá cuid acu cáinteach i leith rialacha sonracha (i.e. rialacha nach bhfuil chomh dochraideach céanna) maidir le forfheidhmiú trasteorann pionós airgeadais, bheadh cuid eile acu i bhfabhar rialacha sonracha den sórt sin, eadhon rialacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do phionóis airgeadais i leith cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéantar ar an gcoigríoch. Tá eagraíochtaí úsáideoirí bóithre an-dearfach maidir le gach beart a bheadh ina chuidiú le feabhas a chur ar chosaint ceart bunúsach neamhchónaitheoirí. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Meastar go bhfuil an rogha thosaíochta éifeachtach chun na cuspóirí beartais atá beartaithe a bhaint amach, go bhfuil glantairbhí arda ag baint léi, go bhfuil sí comhleanúnach go hinmheánach, go bhfuil sí comhréireach a mhéid a bhaineann le rialacha agus nósanna imeachta na mBallstát, agus go bhfuil sí ar an rogha is fearr ar an iomlán ó thaobh indéantacht pholaitiúil agus dhlíthiúil de. Le linn na tréimhse measúnaithe 2025-2050, meastar go sábhálfar 384 duine agus go seachnófar 21 789 ngortú, i gcoibhneas leis an gcás bunlíne arb é atá i gceist leis i dtéarmaí airgeadaíochta thart ar EUR 2,8 billiún, arna shloinneadh mar an laghdú ar na costais sheachtracha a bhaineann le timpistí. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Meastar gur EUR 136,8 milliún i gcoibhneas leis an gcás bunlíne a bheidh sna costais bhreise forfheidhmiúcháin le haghaidh údaráis na mBallstát, costas arna shloinneadh mar luach reatha thar an tréimhse mheasúnaithe 2025-2050. Áirítear leis sin costais choigeartúcháin aonuaire EUR 4,6 milliún le haghaidh riaracháin na mBallstát (e.g. chun córais TF a oiriúnú). |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Meastar go mbeidh na tionchair ar FBManna dearfach ach go mbeidh siad indíreach agus teoranta. Ba cheart go mbeadh laghdú ar chostais d'úsáideoirí bóithre i dtaca le deacrachtaí mar thoradh ar an togra seo mar gheall ar chosaint níos fearr do chearta bunúsacha. Thairis sin, meastar go dtiocfaidh laghdú thart ar EUR 7 milliún i gcoibhneas leis an gcás bunlíne ar chostais riaracháin le haghaidh cuideachtaí léasaithe gluaisteán agus cuideachtaí gluaisteán ar cíos, laghdú arna shloinneadh mar luach reatha thar an tréimhse mheasúnaithe 2025-2050. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Meastar gurb é an toradh a bheidh ar an rogha thosaíochta go dtabhófar costais bhreise forfheidhmiúcháin mar gheall ar imscrúdú níos éifeachtaí a bheith á dhéanamh ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht |

| |
|---|
| ar bhóithre. Meastar gur EUR 132,2 milliún i gcoibhneas leis an gcás bunlíne a bheidh sna costais sin, costais arna sloinneadh mar luach reatha thar an tréimhse mheasúnaithe 2025-2050. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Níl coinne le tionchar suntasach eile. |
| **Comhréireacht** |
| Ní théann an rogha beartais thosaíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Sheolfadh na Ballstáit a gcéad tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Threoir CBE laistigh de 4 bliana tar éis dháta teacht i bhfeidhm na Treorach. Dhéanfadh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na Treorach tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis dó na chéad tuarascálacha a fháil ó na Ballstáit uile. |